C/2025/762

11.2.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

An míbhuntáiste don mhargadh aonair nuair nach bhfuil Ballstáit áirithe in Schengen — an tionchar atá aige sin ar an mBulgáir agus ar an Rómáin

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/762)

Rapóirtéir: **Mariya MINCHEVA**

Comhairleoir	Silviya TODOROVA (thar ceann an rapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	15.2.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	7.11.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	4.12.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	592
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	142/0/7

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Iarrann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ar an gComhairle dáta a shocrú a chuirfear deireadh leis na rialuithe teorann talún idir an Bhulgáir agus an Rómáin, ar thaobh amháin, agus Ballstáit eile limistéar Schengen, ar an taobh eile, in 2024 más féidir. Iarrann CESE ar na geallsealbhóirí uile oibriú i gcomhar le chéile chun an sprioc sin a bhaint amach, ionas go leathnófar na tairbhí a bhaineann le ballraíocht Schengen go cothrom chuig saoránaigh uile an Aontais.

1.2. Tá Comhaontú Schengen ríthábhachtach do shaorghluaiseacht daoine, earraí, seirbhísí agus caipitil laistigh den Aontas, agus is toisc ríthábhachtach é i dtaca le rath eacnamaíoch an Aontais. Is tosaíocht phráinneach pholaitiúil anois é iomaíochas an Aontais, mar a cuireadh i bhfios go láidir sna tuarascálacha ó Enrico Letta agus ó Mario Draghi le déanaí. Ar cheann de príomhtheachtaireachtaí na dtuarascálacha sin tá an gá atá le rialacha an Mhargaidh Aonair a chur chun feidhme go pras agus go cuimsitheach, agus a thuilleadh comhtháthaithe a dhéanamh freisin.

1.3. D'ainneoin na n-éachtaí suntasacha atá bainte amach ag margadh aonair na hEorpa, ní ball críochnaithe é go fóill. Na géarchéimeanna a thit amach le déanaí, léirigh siad a leochailí atá sé ó thaobh míshocrachtaí de. Aon srian a chuirtear leis an tsaoirse gluaiseachta laistigh den mhargadh aonair, lena n-áirítear srianta teicniúla a chuirtear i bhfeidhm ar bhealaí agus ar an iompar ar bóthar, bíonn drochthionchar aige ar iomaíochas agus fás eacnamaíoch an Aontais, agus fíorú iomlán an gheilleagair shóisialta margaidh a bhí beartaithe sna Conarthaí á chosc.

1.4. Le blianta anuas, tá rialuithe teorann á n-athbhunú go sealadach ag na Ballstáit ([1]). Mar sin féin, ní dhearnadh meastóireacht riamh ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bhíonn ag na cinntí sin ar an margadh aonair. Measann CESE gur cheart don Choimisiún Eorpach sonraí iontaofa a chur ar fáil go rialta maidir leis an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bhaineann go díreach le rialuithe teorann a thabhairt isteach laistigh de limistéar Schengen, an tionchar ar an iomaíochas san áireamh.

([1]) https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/schengen-borders-and-visa/schengen-area/temporary-reintroduction-border-control_en; https://home-affairs.ec.europa.eu/document/download/11934a69-6a45-4842-af94-18400fd274b7_en?filename=Full%20list%20of%20MS%20notifications_en.pdf.

1.5. Ón 31 Márta 2024 amach, tá deireadh curtha ag an gComhairle le rialuithe teorann aeir agus muirí leis an mBulgáir agus an Rómáin. Mar sin féin, tá rialuithe i bhfeidhm go fóill ag na teorainneacha inmheánacha talún leis na Ballstáit sin, rud is cúis leis an Margadh Aonair ina iomláine a bheith thíos le costais eacnamaíocha agus shóisialta nach bhfuil gá leo.

1.6. De réir measteacháin éagsúla, bíonn ar na cuideachtaí atá ag feidhmiú sa Bhulgáir agus sa Rómáin na billiúin euro a íoc gach bliain de dheasca costais arda lóistíochta, moilleanna ar sheachadtaí earraí agus trealaimh, agus costais níos mó breosla agus tiománaithe. Ar ndóigh, is ar an tomhaltóir a thiteann na costais dhíreacha sin go léir ar deireadh, i bhfoirm praghsanna níos airde, rud a imríonn tionchar ar shláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte na n-oibrithe.

1.7. Tá tionchar soiléir ag rialuithe teorann talún ar an gcomhshaol de dheasca n-astaíochtaí CO_2 na bhfeithiclí a bhíonn ag feitheamh ag an teorainn sula ligtear trasna iad. Cuireann siad isteach freisin ar an turasóireacht agus ar shaorghluaiseacht an lucht saothair. De dheasca na héiginnteachta agus na neamhéifeachtúlachtaí a bhaineann le rialuithe ag teorainneacha talún, díspreagtar an infheistíocht dhíreach choigríche agus déantar dochar don timpeallacht infheistíochta.

1.8. Tá praghas polaitiúil le híoc as ballraíocht i limistéar Schengen a cheilt ar an mBulgáir agus an Rómáin. Níor cheart an bhallraíocht i limistéar Schengen a úsáid mar choinníollacht sheachfhoirmiúil tar éis an aontachais leis an Aontas. De dheasca an chur chuige seo cruthaítear mímhuinín sna hinstitiúidí Eorpacha agus spreagtar meon Eoraisceipteach.

2. **Cúlra**

2.1. Is éacht iontach é **margadh aonair na hEorpa** agus tá sé ar cheann de bhunchlocha na lánpháirtíochta Eorpaí. Tá teacht, dá bharr, ag gnólachtaí an Aontais ar mhargadh inmheánach ollmhór ina bhfuil beagnach 450 milliún duine, agus é de thoradh air sin go spreagtar trádáil, iomaíocht agus fás eacnamaíoch, agus go gcothaítear saibhreas agus comhtháthú do mhuintir na hEorpa trí chéile. Mar sin féin, in ainneoin é a bheith 30 bliain ar an bhfód cheana féin ([2]), **is saothar é an margadh aonair atá fós idir lámha**. Tá **Comhaontú Schengen** fós **ina bhunchloch de mhargadh aonair an Aontais**.

2.2. In ainneoin gur gá an margadh aonair a dhoimhniú, 60 % de **na bacainní atá ann faoi láthair** ar sholáthar seirbhísí is bacainní iad nár tháinig aon athrú ar a gcineál le 20 bliain anuas ([3]) agus i láthair na huaire is bac iad ar an aistriú chuig an ngeilleagar glas agus digiteach.

2.3. Na géarchéimeanna a thit amach le déanaí, paindéim COVID-19 agus an cogadh san Úcráin, cuir i gcás, léirigh siad **a leochailí atá an Margaidh Aonair ó thaobh míshocrachtaí de**. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ní mór don mhargadh a bheith oibríochtúil i gcónaí, le linn géarchéimeanna gan choinne, fiú. Is den ríthábhacht é gníomhú go tapa i gcoinne clistí, lena n-áirítear ganntanais sa slabhra soláthair agus spleáchais ar thríú tíortha.

2.4. Ó 2011 i leith ([4]), ([5]), tá na réamhriachtanais uile comhlíonta ag an mBulgáir agus ag an Rómáin chun acquis Schengen a chur chun feidhme i réimsí éagsúla ([6]). Tá ocht rún glactha ag Parlaimint na hEorpa inar iarradh go dtiocfadh an dá thír isteach go tapa i limistéar Schengen, agus ba ar an 10 Aibreán 2024 a glacadh an ceann is déanaí acu sin. Ghlac CESE rún ([7]) freisin an 14 Nollaig 2023, a dúirt nár cheart coinníollacha a chur ar an mBulgáir agus an Rómáin de bhreis ar a bhfuil sna conarthaí agus na rialacháin atá ann cheana.

([2]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52023DC0162.
([3]) BusinessEurope – Examples of single market barriers for businesses – 2023 https://www.businesseurope.eu/publications/examples-single-market-barriers-businesses-2023.
([4]) IO C 380 E, 11.12.2012, lch. 160.
([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Schengen a dhéanamh níos láidre le rannpháirtíocht iomlán na Bulgáire, na Rómáine agus na Cróite sa limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí, COM(2022) 636 final.
([6]) Bulgaria and Romania fact-finding mission report_en.pdf; https://home-affairs.ec.europa.eu/document/download/634c9fb4-9860-472b-9d1b-09762a782ab4_en?filename=Report%20fact-finding%20mission%20to%20Bulgaria_en.pdf.
([7]) Rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa – CESE ag tacú le haontachas na Rómáine agus na Bulgáire le limistéar Schengen, an 14 Nollaig 2023, (IO C, C/2024/1563, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1563/oj).

2.5. In 2023, chuir an Chomhairle deireadh le rialuithe teorann aeir agus muirí leis an mBulgáir agus leis an Rómáin amhail ón 31 Márta 2024. Coinníodh seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha talún ar bun **gan dáta a bheith socraithe lena mbaint.**

2.6. Sa tuarascáil uaidh maidir le todhchaí an mhargaidh aonair, iarrann **Enrico Letta** ar na hinstitiúidí Eorpacha cur go láidir i gcoinne aon iarracht a dhéanfaí an tsaorghluaiseacht idir na Ballstáit a theorannú, lena n-áirítear srianta teicniúla ar chonairí agus ar iompar de bhóthar, agus iarracht Comhaontú Schengen a chur ar fionraí ar aon slí. Deirtear go neamhbhalbh sa tuarascáil **nach mór dáta a shocrú in 2024 chun deireadh a chur le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha talún idir an Bhulgáir, an Rómáin agus tíortha eile limistéar Schengen** ([8]). Chuir Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, an teachtaireacht chéanna in iúl nuair a bhí Treoirlínte Polaitiúla 2024-2029 don chéad Choimisiún Eorpach eile á gcur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa aici.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. **Tá de thoradh ar an gcinneadh na rialuithe teorann talún idir an Bhulgáir agus an Rómáin agus Ballstáit eile an Aontais a choinneáil go bhfuil costais shuntasacha ann** agus go gcruthaítear bacainn bhreise de facto lena gcuirtear cosc ar chuideachtaí leas iomlán a bhaint as an margadh aonair. Leis an tionchar ar an gcomhtháthú réigiúnach, eacnamaíoch agus sóisialta léirítear na himpleachtaí níos leithne atá ann ó thaobh aontacht agus chobhsaíocht an Aontais. Ach céimeanna gníomhacha a ghlacadh chun an Bhulgáir agus an Rómáin a lánpháirtiú go hiomlán i Limistéar Schengen, is féidir leis an Aontas a chomhtháthú inmheánach a neartú, a iomaíochas a neartú, agus seasamh le bunphrionsabail na saorghluaiseachta agus na dlúthpháirtíochta atá mar bhonn taca leis an tionscadal Eorpach.

3.2. Tugann CESE dá aire go bhfuil ról ríthábhachtach ag Oirthear na hEorpa, lena n-áirítear an Bhulgáir agus an Rómáin, maidir le slabhraí slándála agus soláthair, lena n-áirítear i gcás na cabhrach a chuirtear chun na hÚcráine. Tá CESE réidh chun tacú leis na hiarrachtaí sin agus tathantaíonn sé ar na geallsealbhóirí uile tús áite a thabhairt do réiteach tapa éifeachtach an ábhair sin.

3.3. Tugann CESE dá aire freisin nach bhfuil ach anailísí agus sonraí teoranta ar fáil maidir le héifeachtaí eacnamaíocha na neamhbhallraíochta in Schengen ar an margadh aonair. Níl ach staidéar amháin ann, arna choimisiúnú ag Parlaimint na hEorpa in 2016, arbh é an cuspóir a bhí leis **measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag athbhunú rialuithe teorann** laistigh de limistéar Schengen, seachas measúnú a dhéanamh ar an éifeacht a bheadh ag gabháil le coinneáil na mBallstát lasmuigh de Limistéir Schengen.

3.4. Déanann an Coimisiún Eorpach measúnú **ar bhacainní fisiciúla trádála** ([9]), ach ní chumhdaítear leis sin ach cásanna amhail imshuíonna, léirsithe agus ionsaithe ar thrucailí cois teorann. Ní thugtar aird ar thionchar na rialuithe teorann talún, athbhunú sealadach na rialuithe teorann ag Ballstáit limistéar Schengen san áireamh.

3.5. I gcomhthéacs phróiseas an Aontais um **méadú**, tá plé ag teacht chun cinn maidir leis na bearnaí atá ann faoi láthair sa chaidreamh eacnamaíoch leis na tíortha is iarrthóirí, nuair a thomhaistear sin i gcomhthéacs na ballraíochta a d'fhéadfadh sé go dtabharfaí dóibh i Margadh Aonair an Aontais ([10]). Ní leordhóthanach fós i gcás na Bulgáire agus na Rómáine an cóineasú eacnamaíoch leis an Aontas, agus bíonn tionchar diúltach ag na rialuithe teorann ar an bpróiseas sin. An t-aontachas le limistéar Schengen a bheith ina **choinníollacht sheachfhoirmiúil tar éis an aontachais leis an Aontas** ([11]), is cúis é sin leis an mímhuinín as na hinstitiúidí Eorpacha agus cothaíonn sé **eoraisceipteachas** ([12]).

([8]) https://www.consilium.europa.eu/media/ny3j24sm/much-more-than-a-market-report-by-enrico-letta.pdf.

([9]) https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/barriers-trade/physical-barriers-trade_en.

([10]) *The impact on the European Union of Ukraine's potential future accession*, Bruegel Report, 11 Aibreán 2024, https://www.bruegel.org/system/files/2024-04/Report%2002.pdf.

([11]) *The impact on the European Union of Ukraine's potential future accession*, Bruegel Report, 11 Aibreán 2024, https://www.bruegel.org/system/files/2024-04/Report%2002.pdf.

([12]) Léirítear i bpobalbhreith sa Rómáin go mbraitheann breis agus 60 % de na saoránaigh go gcuireann a n-eisiamh ó Limistéar Schengen in iúl gur stádas den dara leibhéal atá acu san Aontas. INSCOP Research, Sondaj de opinie național – aprilie 2024 Partea a V-a: Opinia românilor despre aderarea parțială la spațiul Schengen - https://www.inscop.ro/aprilie-2024-sondaj-de-opinie-inscop-research-realizat-la-comanda-news-ro-partea-a-v-a-opinia-romanilor-despre-aderarea-partiala-la-spatiul-schengen/ agus https://www.inscop.ro/wp-content/uploads/2024/04/26.04.24-Sondaj-INSCOP-NEWS-Partea-a-V-a-Schengen.pdf.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Léirítear i staidéar mionsonraithe a rinne an Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch in Acadamh Eolaíochta na Bulgáire (ERI) gur **caillteanas bliantúil os cionn EUR 834 mhilliún** ([13]) **é an mheánéifeacht dhiúltach bhliantúil ar gheilleagar na Bulgáire mar gheall ar aontachas páirteach na tíre le Limistéar Schengen, lena n-áirítear éifeachtaí díreacha, indíreacha agus comhshaoil**. Cuimsítear iontu sin na costais dhíreacha a bhaineann le hearraí a iompraítear, le hiompar lasta de bhóthar agus le caillteanais ó dheiseanna nach dtapaítear chun ioncam malartach a ghiniúint le haghaidh iompar lasta de bhóthar; an éifeacht iomlán ar an gcomhshaol de bharr tréimhse feithimh fhadaithe a chaitear suite cois teorainneacha ar mheánphraghas malairte in aghaidh an tona den truailliú CO_2 a astaítear; caillteanais mar gheall ar dheiseanna nach dtapaítear chun ioncam breise a ghiniúint; agus caillteanais iomlána de bharr ioncam buiséid stáit féideartha ó chánacha atá dlite agus a chailltear. Níl aon uimhreacha inchomparáide ann i dtaobh na Rómáine; mar sin féin, meastar ([14]) go gcosnaíonn moilleanna ag na teorainneacha talún EUR 90 milliún ar oibreoirí iompair, mar aon le EUR 2.32 billiún breise in **ioncam bliantúil a chailltear**. Is é an toradh a bhíonn ar na costais sin go laghdaítear iomaíochas gnólachtaí agus geilleagar.

4.2. Baintear **úsáid as cineálacha difriúla modhanna iompair lasta** i measc na mBallstát éagsúil, agus ba cheart é sin a chur san áireamh nuair a thomhaistear éifeachtaí na rialuithe teorann talún. **An Ghréig**, cuir i gcás, tá sí ar cheann de na trí Bhallstát ina bhfuil **ag an muirlasta an sciar is airde den iompar lasta** (96,4 %), ach tá **an Rómáin** ar cheann de na trí Bhallstát ina bhfuil **ag an muirlasta an sciar is ísle den iompar lasta** (16,0 %) ([15]). Ag an am céanna, **tháinig méadú 22 % ar mhéid lasta bóthair** an Aontais ó 2013 go 2022. Is iad **na trucailí** fós cnámh droma na slabhraí soláthair, **agus iad ag iompar 77 % den lasta intíre** (bóthar, iarnród agus uiscebhealach) san Aontas ([16]).

4.3. Is tairseach ríthábhachtach chuig príomh-mhargadh an Aontais í an teorainn idir an Ungáir agus an Rómáin, lena n-ionsúitear go héifeachtach an trácht ó bhealaí agus ó shlabhraí seachadta a théann tríd an nGréig, tríd an mBulgáir agus tríd an Rómáin. Is iad tíortha an Aontais a bpríomh-chomhpháirtithe trádála, agus allmhairiú agus onnmhairiú marsantachta 71 % agus 72 % faoi seach ann i gcás na Rómáine, 69 % agus 77 % i gcás na hUngáire agus 55 % agus 63 % i gcás na Bulgáire ([17]).

4.4. Tagann athrú ar na moilleanna agus ar scuainí na ngluaisteán paisinéirí agus na dtrucailí a thrasnaíonn na teorainneacha talún idir an Bhulgáir agus an Rómáin agus an Ungáir, ag brath ar an séasúr, ach luíonn siad ar an meán laistigh de 20 nóiméad ar a laghad agus os cionn 200 nóiméad; maireann siad níos faide ná 5 lá, fiú, uaireanta ([18]). Is féidir, uaireanta, le scuainí na dtrucailí lasta a bheith os cionn 30 km ar fad ag pointí sonracha rialaithe teorann talún. Is féidir le scuainí fada ag teorainneacha a bheith ina gcúis le milleadh earraí meatacha (agus dochar á dhéanamh d'earnáil na talmhaíochta agus d'earnáil an bhia araon), agus caillteanais airgeadais ag titim dá dheasca sin ar onnmhaireoirí agus ar allmhaireoirí araon. Anuas ar na costais a bhaineann le trucailí a gcuirtear moill orthu ag na teorainneacha, tuairiscítear costais agus caillteanais a bhaineann le cur chun feidhme tionscadal bonneagair freisin, toisc nach féidir an trealamh is gá a iompar in am. Déantar dochar freisin d'fhás na ríomhthráchtála freisin, mar d'ainneoin gur féidir trádáil a dhéanamh ar líne, déantar na seachadtaí ar an mbealach traidisiúnta.

4.5. Léirítear i staidéir mhionsonraithe go mbíonn costais bhreise idir 5 % agus 20 % ar chuideachtaí iompair atá ag feidhmiú sa Bhulgáir agus sa Rómáin de dheasca moilleanna teorann ([19]). Áirítear leis sin costais bhreosla, pá tiománaithe, agus cothabháil feithiclí. Cuirtear na costais sin ar aghaidh ar deireadh chuig na tomhaltóirí, agus praghsanna níos airde á ngearradh ar earraí dá réir ([20]). I gcás na Bulgáire, is ionann na costais agus suas le EUR 432 mhilliún i gcaillteanais i gcás an iompair lasta, ag méadú go EUR 711 mhilliún nuair a chuirtear na héifeachtaí féideartha san áireamh. I gcás na Rómáine, tá luach na gcaillteanas sin os cionn EUR 2.5 billiún, de réir meastacháin ó UNTRR.

([13]) Bobeva, D., Nestorov, N., Pavlov, A., Stoilov, S. (2024). Evaluation of the Economic Impact of a Country`s Accession to the Schengen Area – the Case of Bulgaria. Economic Thought Journal, 69 (2), 139-163. https://doi.org/10.56497/etj2469201.

([14]) https://www.iru.org/resources/iru-library/call-address-excessive-truck-waiting-times-internal-and-external-eu-borders.

([15]) Eurostat, (tran_hv_ms_frmod).

([16]) https://www.iru.org/news-resources/newsroom/who-driving-what-and-where-eu-road-freight-trends.

([17]) Próifílí Trádála na hEagraíochta Domhanda Trádála, 2023, https://www.wto.org/english/res_e/publications_e/trade_profiles23_e.htm.

([18]) Faisnéis ó Chomhlachas Náisiúnta Iompair na Bulgáire, agus ó Aireachtaí Gnóthaí Inmheánacha na Rómáine agus na Bulgáire.

([19]) Staidéar ó UNTRR, *Road Transport Market in Romania, 2018-2030*, Aibreán 2024 – https://piata-transporturilor.ro/?page_id=160.

([20]) An Eagraíocht Dhomhanda um Iompar de Bhóthar – Eanáir 2024 – '*This directly cost transport operators €90 million, with an additional €2.32 billion in lost annual revenues.*' - https://www.iru.org/resources/iru-library/call-address-excessive-truck-waiting-times-internal-and-external-eu-borders.

4.6. Bíonn **tionchar diúltach ar an gcomhshaol** ag rialuithe teorann leanúnacha, mar gheall ar astaíochtaí CO_2 ó fheithiclí a bhíonn ag feitheamh ag an teorainn sula scaoiltear thar teorainn anonn iad agus a mbíonn a n-innill fágtha ag rith agus iad á bpróiseáil. De réir toimhdí agus meastacháin choimeádacha ([21]), tá na hastaíochtaí bliantúla carbóin teorann ar toradh iad ar na rialuithe teorann atá i bhfeidhm go fóill ag na teorainneacha idir an Ungáir agus an Rómáin, idir an Rómáin agus an Bhulgáir agus idir an Bhulgáir agus an Ghréig cothrom le os cionn 46 mhíle tCO_2 in aghaidh na bliana. Is ionann é sin agus na hastaíochtaí bliantúla ó ídiú leictreachais thart ar 28 000 teaghlach san Aontas ([22]).

4.7. De dheasca na héiginnteachta agus na neamhéifeachtúlachtaí a bhaineann le rialuithe ag teorainneacha díspreagtar infheistíocht dhíreach choigríche agus **déantar dochar don timpeallacht infheistíochta**. Bíonn timpeallachtaí cobhsaí intuartha á lorg ag infheisteoirí, agus is minic a dhéantar infheistíocht a atreorú chuig tíortha eile i limistéar Schengen de bharr an riosca a mheastar a bheith ann go mbeidh moilleanna agus breis costais oibriúcháin ann. De bharr an fheiniméin sin cuirtear leis na héagothromaíochtaí eacnamaíocha idir na tíortha in oirthear na hEorpa agus na tíortha in iarthar na hEorpa.

4.8. De réir na dtorthaí atá sa staidéar a rinne Parlaimint na hEorpa in 2016 ([23]), d'fhéadfadh an neamhbhallraíocht i limistéar Schengen difear a dhéanamh d'ionchais an mhargaidh ó thaobh stádas na dtíortha sin san Aontas agus sa limistéar euro (cé nár ghlac an Bhulgáir ná an Rómáin an euro go fóill). **Is comhartha polaitiúil é nach bhfuil tír i 'gceartlár' an Aontais**, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aici ar na torthaí a bhíonn le fáil ar bhannaí rialtais, ar phraghas sócmhainní airgeadais, agus ar na rátaí úis a bhíonn ar fáil do ghnólachtaí agus do theaghlaigh, agus d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aici freisin ar an bhfíorgheilleagar.

4.9. De dheasca tréimhsí fada feithimh ag teorainneacha talún d'fhéadfadh sé go ndéanfaí sárú suntasach **ar chearta an duine** agus go ndéanfaí neamhionannais a ghéarú. D'fhéadfadh moilleanna míchuí, strus agus rioscaí sláinte a bheith i ndán do dhaoine aonair, gan beann ar a náisiúntacht nó ar a n-imthosca. Bacainní dá leithéidí sin, cuireann siad isteach ar shaorghluaiseacht na ndaoine, ar an trádáil, ar an oideachas, agus ar athaontú teaghlach, agus bíonn drochthionchar suntasach acu ar shláinte choirp agus mearbhairshláinte na n-oibrithe, na tiománaithe go háirithe. Is den ríthábhacht é córais éifeachtúla bainistithe teorainneacha a chur chun feidhme agus prionsabail an chomhionannais a chaomhnú chun a áirithiú go gcosnaítear na cearta bunúsacha sin agus go gcaitear le gach duine le dínit agus le meas, gan beann ar a chúlra.

4.10. Na rialuithe teorann a mhaireann i gcónaí idir an Bhulgáir agus an Rómáin, ar thaobh amháin, agus na tíortha comharsanachta i Limistéar Schengen, ar an taobh eile, an Ghréig agus an Ungáir, cuir i gcás, cuireann siad srianta suntasacha ama ar thaistealaithe agus imríonn siad drochthionchar ar earnáil iompair an bhus ([24]). Cuireann an méid sin **bac ar an turasóireacht**, earnáil ríthábhachtach don dá thír, agus cuireann sé isteach freisin ar gheilleagair an Aontais agus ar an bhforbairt réigiúnach. Tugtar le fios i dtaighde de chuid an Tionscnaimh Taighde Eorpaigh, go mbíonn ioncam turasóireachta na Bulgáire thíos EUR 62 mhilliún sa bhliain gan tír ar bith eile a chur san áireamh.

4.11. De dheasca an stádais neamh-Schengen cuirtear bac **ar shaorghluaiseacht oibrithe**, agus dá chionn sin déantar teorannú ar na deiseanna a bhíonn ag oibrithe ón mBulgáir agus ón Rómáin fostaíocht a lorg sna Ballstáit atá ina gcomharsana acu san Aontas. Tá tionchar ag an teorannú sin ar thionscail na tógála, na talmhaíochta agus na seirbhísí, a bhíonn ag brath go mór ar oibrithe séasúracha agus sealadacha ([25]).

4.12. Níl ach sonraí staidrimh teoranta ann maidir le deiseanna fostaíochta, fiontraíochta agus gairme a bhaineann le soghluaisteacht trasteorann laistigh den Aontas, lena bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar thionchar na rialuithe teorann talún ar an mBulgáir, ar an Rómáin, ar an Ungáir agus ar an nGréig. Tá sé le tuiscint go bhfuil tionchar diúltach ann, áfach, ós rud é **go mbíonn tionchar ag an bhfáil atá ar roghanna iompair ar shoghluaisteacht oibrithe**.

4.13. Bíonn de thoradh ar shoghluaisteacht oibrithe níos mó go dtagann méadú ar an táirgiúlacht agus ar an aschur eacnamaíoch. Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na saoránach soghluaiste atá in aois oibre (20-64 bliana) ón Rómáin agus ón mBulgáir ([26]) mar chéatadán de dhaonra cónaitheach a dtíre dúchais (an Rómáin: ó 11,5 % in 2010 go 18,6 % in 2020 – an leibhéal is airde san Aontas; an Bhulgáir: ó 6 % in 2010 go 10,3 % in 2020 – an ceathrú céatadán is airde san Aontas). Má chuirtear deireadh le rialuithe teorann talún, cuirfear leis an bhfáil atá ar roghanna iompair agus leis na deiseanna le haghaidh soghluaisteacht trasteorann oibrithe, agus dá thoradh sin cuirfear dlús leis na deiseanna chun táirgiúlacht agus aschur eacnamaíoch níos airde a bhaint amach sna réigiúin ábhartha trasteorann.

([21]) *The Unnecessary Burden*, taighde ó KPMG, Márta 2023, https://assets.kpmg.com/content/dam/kpmg/ro/pdf/2023/Schengen_border_CO2-emissions-impact.pdf.

([22]) Ríomhanna dílse, sonraí Eurostat: lfst_hhnhtych agus *EU energy in figures* – leabhar póca staidrimh 2023.

([23]) *The cost of non-Schengen – impact of border controls within Schengen area on the single market*, Bealtaine 2016, https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2016/578974/IPOL_STU(2016)578974_EN.pdf.

([24]) Na turais turasóireachta eagraithe, is iondúil go reáchtáiltear iad ar bus.

([25]) Baineann dinimic chasta le soghluaisteacht oibrithe a théann níos faide ná ballraíocht i limistéar Schengen, lena n-áirítear bacainní teanga, infhaighteacht post agus lánpháirtiú sóisialta. Cé gur dócha go dtiocfaidh feabhas ar shoghluaisteacht oibrithe de bharr lánpháirtiú Schengen, tá gá le taighde níos spriocdhírithe go bhfaighfear amach an é an stádas neamh-Schengen amháin is cúis le laghdú céatadáin faoi leith.

([26]) Eurostat (lfst_lmbpcita and demo_pjangroup).

4.14. Aisteach go leor, maidir leis na hábhair imní a léirítear i dtaobh cúrsaí slándála, tá de thoradh ar ligean isteach páirteach na Bulgáire agus na Rómáine i Limistéar Schengen go bhfuil dochar á dhéanamh do shlándáil an Aontais seachas í a fheabhsú. Is freagracht chomhroinnte é teorainneacha seachtracha a bhainistiú go héifeachtach, agus dá ndéanfaí na tíortha sin a lánpháirtiú i Limistéar Schengen d'fhéadfaí na bearta slándála trí chéile a neartú trí bhíthin comhar feabhsaithe agus comhroinnt acmhainní. Thairis sin, d'fhéadfaí caiteachas a bhaineann le cothú agus cothabháil an bhonneagair slándála teorann, lena n-áirítear fórsaí póilíneachta idir an Bhulgáir agus an Rómáin, idir an Bhulgáir agus an Ghréig agus idir an Rómáin agus an Ungáir a atreorú chun teorainn sheachtrach an Aontais a neartú.

An Bhruiséil, an 4 Nollaig 2024

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE